# Nótaí: Geilleagar na hÉireann faoi láthair: Scéala ón staidreamh

Ar siúl 18/04/2024

## Boilsciú

### Sleamhnán  5

Sa gcairt seo feictear go bhfuil an ráta boilsciú 3.4 faoin gcéad faoi láthair. Seo laghdú ó bhuaicphointe de 9% i nDeireadh Fómhair 2022. Bhí an boilsciú íseal go leor roimh Samhain 2021 ach mhéadaigh sé ina ndiadh sin. Baineann cuid den mhéadú sin le bacanna ar soláthair mar gheall ar COVID agus an cogaidh san Úcráin.

Bhí an ráta boilsciú fiú diúltach cúpla uaire i 2015, 2016 agus 2017 agus bhí sé diúltach den chuid is mó i 2022.

Nuair a bíonn muid ag caint faoi bhoilsciú, den chuid is mó bíonn muid ag caint faoin bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Sin an CPI nó an Consumer Price Index. Tá tuilleadh sórt boilsciú ann; i bpraghsanna mórdhíola (wholesale), i bpraghsanna tairgí idirmheánacha agus i bpraghsanna caipitil. Ach sa deireadh, is tomhaltóirí príobháideacha muid uilig agus cuireann méadú phraghsanna tairgí idirmheánacha le praghsanna tomhaltóirí sa deireadh. Mar shampla, ní cheannaíonn muid amhola (crude oil) ach bí cinnte go mbeidh tionchar ar an bpraghas sin ar na nithe a cheannaíonn sibh.

Sleamhnán 6

Ag féachaint níos faide siar chuig 2000, ní raibh boilsciú ríomh chomh ard leis an buaicphointe 9% a bhfaca muid i 2022. Ach bhí sé thar an leibhéil 4% go luath sna blianta dhá mhíle (ré an Tíogair Cheiltigh).

### Sleamhnán 7

Is féidir linn dul níos faide siar arís. Caithfear dul siar go dtí na hochtóidí chun boilsciú chomh le 9% a aimsiú. Ach feictear dúinn chomh maith go raibh an ráta boilsciú níos airde arís ag tús na hochtóidí. An féidir le aon duine a rá liom cén fáth a raibh sé chomh ard sin ag tús na n-ochtóidí?

Freagra: géirchéim olla, caiteachas piblí imith suas, bunaithe ar caiteachas easnaimh.

### Sleamhnán 8

Ag breathnú ar Éirinn le hais an tAontas Eorpach agus an Ghearmáin, bhí muid thar an meánmhéadú praghsanna ag deireadh na nóchaidí agus tús na dhá mílte. Ach bhí i bhfad níos mó díbhoilsciú in Éirinn ná an meán i rith na géarchéime airgeadais; aimsir an tárthái, nó an clár an Clár Ceartú Geilleagrach d'Éirinn (The Economic Adjustment Programme for Ireland), chun an téarmeolaíocht ceart a úsáid. Beag nó mór, tá an boilsciú tar éis bheith níos ísle ná an Aontas agus an Ghearmáin ó shin.

An Praghasleibhéal

Sleamhnán 10

An chéad rud eile ná an praighsleibhéal. Bheifeá ag súil nach mbeadh praighseanna in Éireann chomh ard sin i ndiadh 15 bliana de boilsciú níos ísle ná an meán san Eoraip, ach is tír costasach í Éire. Mar sin, is féidir linn a rá go bhfuil Éire costasach le fada. Tá dianseasmhach/marthanacht ann. De réir dealramh, is deachair comparáid beacht cruinn a dhéanamh idir tíortha sa réimse seo, ach de réir na sonraí tá Éire níos costasaí ná aon tír eile san Aontas, seachas an Daomhmairigh. I 2022, bhí ár bpraighsleibhéal 42% níos airde ná an meán.

Feictear anseo freisin go bhfuil go leor éagsúlacht ann idir tíortha an Aontais. Tá praighseibhéal an Bhulgáir 59% den meán. Ciallaíonn sé sin go bhfuil praghsanna 142% (pointe céadtadáin) níos airde in Éirinn ná sa mBulgár.

## Sleamhnán 11

Seo an ciseán tairgí. Buel, achoimre ar na grúpaí tairgí is mó atá ann. Bailíonn muid sonraí ar 53 míle tairge in aghaidh na míosa. Is iad bia, cíos agus breosla ar na rudaí is tábhachtaí. Tógann siad 41% den ciseán ar fad. Feictear go bhfuil seirbhísí lónadóireachta (bia beir leat, bia ó bialanna, tithe ósta is ar uile) ar an ngrúpa is mó (17%). Caitheann an meántómhaltoir 9% dá chuid airgead ar cíos. Sin cíos a íocann siad nó measúnú ar an gcíos a íocfaidís mura leosan an teach. Ní chuirtear costais morgáistí san aíreamh anseo. Baineann siad le idirbheart airgeadais seachas idirbheart geilleagrach. Caithfear cuimhnigh anseo go bhfuil muid ag caint faoi tairgí deireanach agus tomhaltas deireanach ach bíonn tionchair ag tairgí idirmheánach, go háirithe ag an gcostas breosla ar praghsanna tríd ar phróseas ar fad agus feictear an tionchar sin i bpraghsanna go leor leor tairgí ní amháin sa mbosca a mbaineann le breosla.

## Sleamhnán 12

Seo cur síos beag ar athrú ar an gciseán naisiúnta earraí agus seirbhísí. Tá 612 grúpa táirgí sa gciseán. Déanaimid athbhreithniú air gach cúig bhliana, nuair a dhéanaimid an suirbhé ar bhuiséad teaghlach. Is féidir linn a rá go bhfuil toitíní leictreacha agus bainne coirce inseach agus rollóga eilvéiseach agus táillí chlubanna oíche caite amach.

## Sleamhnán 13

Is féidir linn bheith spraoiúil leis na sonraí ón CPI. Seo costas bricfásta Éireannaigh i 2024. Bhí méadú ann sa 12 mhí roimhe seo, ach ní mar an gcéanna a bhí an scéal de gach earra ann. Bhí méadú sa gcuid friochta agus sa bpraghais tae agus bainne ach bhí laghdú sa bpraghais aráin agus im.

# Fás geilleagrach

## Sleamhnán 15

Tá an geilleagar tar éis fás go tréan. Faoi thomas OIN*/GNI* bhí sé 250 milliún euro i 2022, sin 150% níos mó ná  a bhí i 1995.

Sleamhnán 16

Bhí Éire sa  gcéad áit de réir Olltairge náisiúnta, agus sa gcúigiú áit nuair a úsáidimid OIN* san ionad, tomhais atá níos feiliúnaí d'Éirinn mar gheall ar iompair na gcomhlachtaí ilnáisiúnta anseo.

Sleamhnán 16

Ach neart guagacht ann chomh maith: bhí an fás thuas ar feadh seal, thíos ar feadh seal chomh maith.

## Sleamhnán 18

Léirítear sa sleamhnán seo go bhfuil muid ag braith níos mó agus níos ar cháin chorparáide ó 2012 go háirithe. Pléitear é seo sna meán ó am go céile. Bhí an céatadán thart ar 10% i 2012 ach tá sé imithe suas go 22% i 2021 agus is dóigh gur níos mó ná sin atá sé anois. Chomh maith leis sin, is eol dúinn go raibh 60% den cáin corparáideach ag teacht ó deich gcomhlacht i 2022.

## Sleamhnán 19

Déantar comparáid idir an cháin chorparáide agus an dleacht stampála nua. Bhí méadú mór san ioncaim ó dleacht stampála roimh na géirchéime airgeadais agus thit sé go mór ina ndiadh. Tá muid ag braith i bhfad níos mó ar an gcáin chorparáide ná an dleacht stampála ach tá muid ag déanamh i bhfad níos mó cainte faoi agus ag cuir cuid de i gciste infheistíochta Stáit ionas go mbeidh sé mar luach dúinn amach anseo seachas rud atá muid ag braith an iomarca ar.

Saibhreas agus ioncaim na tíre

## Sleamhnán 21

Níl na figiúirí suas go dáta againne ach i 2015 níor tír saibhir muid. Seo glanfhiúchas (net worth) iomlán per capita de réir tíre i 2015.  Bhí fiach mór príobháideach agus poiblí againne agus bhí go leor dár saibhreas caillte nó díolta chun ar fiacha a íoc.

## Sleamhnán 22

Ní raibh mórán tíortha ar fáil nuair a rinneadh an foilseacháin seo do 2015. Bhí i bhfad níos mó ar fáil do 2014. Bhainfeadh geit asaibh ag smaoineamh ar cé chomh íseal atá muid. Is cinnte go bhfuil muid níos airde anois. Bhí méadú mór ann fiú idir 2014 agus 2015. Chomh maith leis sin, níl an pictiúr iomlán againn anseo. Is deacair luacháil a dhéanamh ar saibhreas tíre agus níor chuireadh luach an talaimh (más cuimhin liom i gceart é) agus níor chuireadh figiúr ar an gcaipiteal nádúrtha ach an oiread. Is féidir praghas sócmhainne athrú go mór chomh toisc go bhfuil an t-ufáis rudaí a mbaineann leis an réimse seo ar eolas againn. Dar le Patrick Honohan (iar-ghobharnóir Bainc Cheannais na hÉireann), bíonn na mairgí mícheart i gcónaí. Bíonn siad ródhearfach i rith borradh agus ródhiúltach i rith géarchéime.

## Sleamhnán 23

Sin saibhreas, nó stoc. Is é an dar rud ná ioncaim na tíre. Ó thaobh ioncaim na tíre de, is é olltáirgeacht intíre in aghaidh an duine an piríomh-tomhas atá ann. De réir an tomhais sin, is í Éire an dara tír is saibhre san Aontas Eorpach, taobh thiar de Lucsamburg. Ach mar is eol de go leor díbh anseo, ní le muintir na tíre na níos mó de leath den olltáirgeacht intíre. Is le comhlachtaí ilnáisiúnta eachtrannacha é an chuid is mó de, go háirithe comhlachtaí meiriceánacha. Mar sin, in Éirinn, tá measúnú eile againn. Seo ollioncam náisiúnta mionathraithe (ONI*, ONI "réalta"). De réir an tomáis ioncaim sin, tá muid ar an gceathrú tír is airde san Aontas.

Sl. 23: NB NB: praghsanna tairiseacha freisin

## Sleamhnán 24

Ach ní hé sin an scéal ar fad. Sa sleamhnán seo léirítear tomhaltas aonair iarbhír (actual individual consumption), i braighseanna reatha agus i bhfíorphraighseanna phaireacht chumhachta cheannaigh. Tá sé cosúil le caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (personal consumption expenditure per capita) ach beagán níos cuimhsithe. I braighseanna reatha, tá muid ar an gceathrú tír is airde san Aontas Eorpach. Ach sa gcairt i bhfíorphraighseanna phaireacht chumhachta cheannaigh ar dheis, feictear go bhfuil muid i bhfad níos ísle. Tá muid ar an dara tír dhéag, níos ísle ná Chipir agus an Iodáil.

### Sleamhnán 25

Céard is cúis leis seo? Is é an praighsleibhéal an cúis leis Mar a bhfaca muid cheana, is tír ardchostas í Éire. Ní raibh an t-am agam díriú níos mó isteach sa scéal sin ach is cosúil go mbaineann cuid den scéal le costas tithíochta.

### Sleamhnán 26

[Má tá an t-am agam...]

### Sleamhnán 27

Tá eolas ar seo aimsithe ag daoine roimhe seo. Rinne comhghleacaí liom cur síos air seo anuraidh. Rinne Patrick Honohan cur síos ar seo i 2021 agus rinne Tom Healy (iar-chomhghleacaí liom sa CSO) cur síos air i leabhar a fhoilsíodh i 2019.

## Fostaí acht agus dífhostaíocht

### Sleamhán 29

Sa sleamhnán seo, feictear go bhfuil fostaíocht thart ar 2.7 milliún duine, buaicphointe le fada fad.

### Sleamhnán 30

Agus chomh maith leis sin, is dóigh gur féidir linn a rá go bhfuil an ráta dífhostaíochta níos chomh agus is féidir. Bíonn daoine de shíor ag bogadh idir postanna agus ní féidir leis bheith ina náid faoin gcéad. Mar sin baistear an ráta nádúrtha dífhostaíochta air seo.

## Cúrsaí daonra

### Sleamhnán 32

Is sóirt meanga gaire í an chairt seo (an u-chruth). Seo daonra na hÉireann ó Dhaonáireamh 1841. Tá daonra na hÉireann níos airde ná a taifeadta ríomh seachas i nDaonáireamh 1841. Bhí 6.5 milliún ann i 1841, 5.1 i 1851 agus 5.15 milliúin i 2022.

### Sleamhnán 33

Tá daonra na tíre dáilte go h-an difriúil i 2022 le hais 1841. Is an trí contae is mó iad 45% faoin gcéad den daonra i 2022, agus tá cónaí ar 28% de daonra na hÉireann i mBÁC 2022. Ach i 1841, bhí Baile Átha Cliath ar an gcúigiú contae is mó in Éireann. Is féidir a rá go raibh an daonra dáilte níos cothroime thar na contaetha.

### Sleamhnán 34

Agus ag féachaint ar an athrí idir an dá linn, is soiléir go raibh laghdú i ngach contae seachas cuid de na contaetha i gcúige Laighean: Baile Átha Cliath, Cill Dara, Cill Mhantáin, Contae na Mí agus Contae Lú.

### Sleamhnán 35

Seo pirimid daonra i 1926, aimsir an chéad daonáireamh ó thús an Stáit. Is léir go bhfuil na grúpaí aoise is mó níos óige ná 20 bliana d'aois.

### Sleamhnán 36

Seo an pictiúr céanna i 2020. Tá cruth an phirimid fós ann go dtí ceathracha bliana d'aois ach laghdaíonn sé ina ndiadh sin. Seachas sórt boilsc idir cúig agus fiche bliana d'aois, tá sé íseal go leor níos óige ná sin.

### Sleamhnán 37
Seans go bhfuil an t-athrú déimeagrafach (nó an treasdul déimeagrafach; demographic transition) in Éirinn níos soiléire ón gcairt seo. Tá laghdú céatadáin i ngach aoisghrúpa roimh triocha. Don aoisghrúpa 30-35 ní raibh mórán athrú, agus i ndiadh sin, bhí méadú ann.

## Tithíocht
Dá mbeifeá ag súil go mbeadh sa réimse seo curtha síos go soiléir agus go beacht cruinn, is dóigh go bhfuil díomá ort. Ní raibh an t-am agam díriú isteach sa scéal go hiomlán.

### Sleamhnán 39
Tá praghas tithíochta níos airde ná aimsire an Tíogair Cheiltigh (8% níos mó).

### Sleamhnán 40
Tá go leor guagacht (thuas seal, thíos seal) sa réimse seo chomh maith, ach (seachas Nollaig 2023) tá an ráta fás tar éis laghdú ó bhuaicphointe i 2022.

### Sleamhnán 41
Tá líon na tithe nua níos airde ná ón ngéirchéim airgeadais.

### Sleamhnán 42
Agus tá an líon tí (daoine iontu) laghdaithe ó 2011 freisin (ach níos airde ná tíortha eile san AÉ ag an am céanna).

### Sleamhnán 43
Mar sin, tá go leor píosaí eile den scéal.

- Scartáil/scriosadh tithíochta,
- Athrú struchtúr an daonra (tuilleadh daoine fásta)
- Athrú dealú an daonra (tuilleadh tithe le lín íseal daoine iontu, agus tuilleadh tithe plódaithe?)

### Sleamhnán 44
Sin an méad. An bhfuil ceisteanna ag duine ar bith?